Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7240/26**

**EF 66**
**ECOFIN 329**
**FSC 6**
***ESMA***
***ESRB***
***ECB***
***EIOPA***
***SRB***
***EBA***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 119 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA<br>maidir le hullmhacht in earnáil airgeadais an Aontais Eorpaigh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 119 final.

Faoi iamh: COM(2026) 119 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.3.2026
COM(2026) 119 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA

## maidir le hullmhacht in earnáil airgeadais an Aontais Eorpaigh

## 1. Réamhrá

Tá rioscaí atá ag dul i méid agus bagairtí nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo roimh an Aontas Eorpach in earnálacha éagsúla. I measc na rioscaí sin tá éiginnteacht mhéadaithe, teannas geopholaitiúil agus coinbhleachtaí geopholaitiúla, rioscaí cibearshlándála agus rioscaí a bhaineann le hionramháil ar fhaisnéis, an t-athrú aeráide agus rioscaí méadaitheacha maidir le guaiseacha nádúrtha. Chun borradh a chur faoi chumas an Aontais na bagairtí sin a réamh-mheas agus a chosc agus freagairt orthu, chuir an Coimisiún agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) Straitéis um Aontas na hUllmhachta i láthair go comhpháirteach an 26 Márta 2025[1]. Tá ról lárnach ag earnáil airgeadais an Aontais maidir le feidhmeanna sochaíocha ríthábhachtacha a choinneáil ar bun i ngach uile chás. Sin é an fáth a bhfuil measúnú cuimsitheach á dhéanamh ag an gCoimisiún ar leibhéal na hullmhachta san earnáil airgeadais, mar chuid den Straitéis um Aontas na hUllmhachta, agus gníomhaíocht 25 den iarscríbhinn a ghabhann leis an teachtaireacht chomhpháirteach á cur i gcrích aige. Go háirithe, tá measúnú á dhéanamh aige ar chumas na hearnála leanúint dá feidhmeanna criticiúla a dhéanamh, amhail íocaíochtaí a dhéanamh agus an geilleagar a chistiú i ngach uile chás.

Tá reachtaíocht an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais bunaithe ar thraidisiún láidir stuamachta, réamhchúraim, athléimneachta agus réamhaíochta. Tá na cuspóirí soiléir: cobhsaíocht airgeadais, réiteach ordúil aon institiúide airgeadais atá ag cliseadh, bainistiú géarchéime agus árachas taiscí, cosaint infheisteoirí agus sláine an mhargaidh a chaomhnú. Chuir an tAontas athchóiriú cuimsitheach i gcrích ar a rialacha stuamachta agus ar an struchtúr maoirseachta baincéireachta tar éis na Géarchéime Airgeadais Móire a tionscnaíodh in 2007. Leis na hathchóirithe sin, neartaíodh institiúidí airgeadais an Aontais, a mhargaí caipitil agus soláthraithe bhonneagar an mhargaidh airgeadais.

Sa lá atá inniu ann, tá ardleibhéal athléimneachta bainte amach ag earnáil airgeadais an Aontais trí thrí cholún a chomhdhlúthú: (i) caipiteal bunaithe ar riosca do bhainc agus d'institiúidí airgeadais, (ii) ceanglais rialachais agus trédhearcachta agus (iii) sásraí comhair maoirseachta ó Bhallstát go chéile agus ó earnáil go chéile. Tá beartais agus prionsabail curtha i bhfeidhm ag an Aontas lena ndéantar measúnuithe leanúnacha ar na rioscaí a bhaineann le teagmhais fhoircneacha i gcreataí riosca oibriúcháin, pleananna leanúnachais gnó agus pleananna teagmhasacha.

Tá tástáil déanta ar chreat an Aontais le roinnt babhtaí géarchéimeanna le blianta beaga anuas, amhail paindéim COVID-19, fogha na Rúise faoin Úcráin, géarchéim baincéireachta réigiúnach na Stát Aontaithe agus géarchéim Credit Suisse in 2023, cásanna de lándorchú cumhachta, cibirionsaithe agus teagmhais hibrideacha. I bhfianaise na ngéarchéimeanna sin, tá stóinseacht agus athléimneacht léirithe ag earnáil airgeadais an Aontais. Ghníomhaigh na húdaráis ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta go tapa agus go héifeachtach.

Go ginearálta, ní rud docht í an ullmhacht; is staid dhinimiciúil réamhbhreathnaitheach í. Éilíonn sí timthriall leanúnach pleanála, oiliúna, trealmhaithe, tástála, meastóireachta agus

---

[1] D'eisigh an Coimisiún agus SEGS teachtaireacht chomhpháirteach maidir leis an Straitéis um Aontas na hUllmhachta.

feabhsaithe. Ní mór díriú ar ullmhacht chun déileáil le gach guais trí rioscaí a réamh-mheas, cumais a fhorbairt, comhordú a dhéanamh ó earnáil go chéile (rialtas, an earnáil phríobháideach, an earnáil phoiblí) agus foghlaim ó theagmhais roimhe seo chun pobail athléimneacha a thógáil ar féidir leo géarchéimeanna a chosc, iad féin a chosaint ar ghéarchéimeanna, agus téarnamh ó ghéarchéimeanna nuair a tharlaíonn siad. Baineann sé sin leis an earnáil airgeadais chomh maith céanna.

Tugtar forbhreathnú leis an tuarascáil seo ar staid ullmhachta reatha earnáil airgeadais an Aontais, ar staid í a thógtar ar phlé leanúnach leis an mBanc Ceannais Eorpach, leis na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha, leis an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach, leis an mBord Réitigh Aonair, leis na Ballstáit agus le tionscal na seirbhísí airgeadais.

## 2. Ullmhacht i margadh aonair na hEorpa

Ar leibhéal an Aontais, tá feabhas tagtha ar ullmhacht san earnáil airgeadais le blianta beaga anuas trí bhearta reachtacha agus trí struchtúir rialachais a chruthú ar leibhéal an Aontais atá ag teacht le cineál trasteorainn earnáil airgeadais an Aontais. Tá an rialachas bunaithe ar dhá cholún: Rialáil de chuid an Aontais agus údaráis an Aontais. Comhlánaítear an struchtúr sin le sraith beart a dhéantar ar leibhéal an limistéir euro, ar an leibhéal réigiúnach (a bhfuil roinnt Ballstát páirteach iontu) agus ar leibhéal na mBallstát.

### 2.1 <u>Reachtaíocht de chuid an Aontais lena rialaítear an earnáil airgeadais</u>

Tá an earnáil airgeadais á rialú ag reachtaíocht earnáilsonrach agus reachtaíocht thrasearnálach araon.

*Reachtaíocht earnáilsonrach*

Áirítear i reachtaíocht earnáilsonrach an Treoir agus an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil (CRD/CRR)[2], Sócmhainneacht II[3], an Treoir maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais II (MiFID II)[4], an Rialachán maidir le Bonneagar Margaidh Eorpach (EMIR)[5] agus an Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús (RTLU)[6]. Leis na píosaí reachtaíochta sin, cuirtear

---

2 Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE (CRD);
Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (CRR).

3 Téacs comhdhlúite: Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le dul i mbun ghnó an Árachais agus an Atharáchais agus bheith ag gabháil don ghnó sin (Sócmhainneacht II).

4 Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (MiFID II).

5 Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (EMIR).

6 Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoir 98/26/CE agus Treoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012.

ceanglais stuamachta i bhfeidhm chun athléimneacht, cobhsaíocht agus feidhmiú fónta institiúidí airgeadais, an bhonneagair airgeadais agus an chórais airgeadais a áirithiú.

Ó thaobh na hullmhachta de, leagtar amach le roinnt píosaí reachtaíochta earnáilsonraí ceanglais lena rialaítear bainistiú riosca oibriúcháin, athléimneacht oibríochtúil, athléimneacht TFC, leanúnachas gnó agus bainistiú géarchéime. Mar shampla, in earnáil na baincéireachta, áirithítear le CRR/CRD, an Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc (BRRD)[7], an Rialachán maidir leis an Sásra Réitigh Aonair (SRMR)[8] agus an Treoir maidir le Scéimeanna Ráthaithe Taiscí (DGSD)[9] go mbeidh an athléimneacht ag na bainc raon leathan rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann a sheasamh, lena n-áirítear teagmhais fhoircneacha. Tá coinne leis go gcuirfidh na bainc creataí láidre rialachais agus bainistithe riosca chun feidhme, lena n-áirítear pleananna feabhsaithe leanúnachais gnó, cumarsáide agus téarnaimh, chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar raon leathan rioscaí. Ar phríomhghnéithe na mbeart chun aghaidh a thabhairt ar na cásanna riosca, ar bhonn réamhchúraim agus frithghníomhach, áirítear ceanglais shonracha *ex ante* do bhainc amhail pleananna téarnaimh agus pleananna réitigh, mar a shainordaítear faoin Rialachán maidir leis an Sásra Réitigh Aonair agus faoin Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc.

Chomh maith le bainc, tá gnóthais árachais a rialaítear faoi Shócmhainneacht II, gnólachtaí infheistíochta faoi MiFID II, agus bonneagair mhargaidh amhail contrapháirtithe lárnacha (CPLanna) agus taisclanna lárnacha urrús faoi réir ceanglais chomhchosúla chun athléimneacht oibríochtúil, riosca TFC, leanúnachas gnó agus bainistiú géarchéime a áirithiú. Comhlánaítear iad sin le ceanglais chun feabhas a chur ar phleanáil téarnaimh agus réitigh i gcás inar gá. Tá bainistiú sócmhainní agus idirghabháil airgeadais neamhbhainc faoi réir creat rialála leathan de chuid an Aontais atá ag éirí níos cuimsithí, lena n-áirítear an Treoir maidir le Gnóthais le haghaidh Comhinfheistíochta in Urrúis Inaistrithe, an Treoir maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus an Rialachán maidir le Cistí Margaidh Airgid. Leis na hionstraimí sin, forchuirtear ceanglais maidir le bainistiú riosca, bainistiú leachtachta, giaráil, luacháil agus trédhearcacht, chun cobhsaíocht na hearnála a chothú. Le gníomhaíocht chun an tAontas Coigiltis agus Infheistíochta a fhorbairt trí chumas earnáil airgeadais an Aontais a fhorbairt chun coigilteas a nascadh le hinfheistíochtaí táirgiúla, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar chomhroinnt riosca agus ar éagsúlú ar fud earnáil airgeadais an Aontais, cuirfear feabhas ar a hathléimneacht agus ar a hullmhacht fhoriomlán.

---

7 Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat um théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (BRRD).

8 Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (SRMR).

9 Treoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le scéimeanna ráthaithe taiscí (DGSD).

Cuireann an Banc Ceannais Eorpach (BCE) – an maoirseoir aonair do bhainc in 21 Bhallstát – agus údaráis inniúla náisiúnta laistigh agus lasmuigh den limistéar euro athléimneacht airgeadais agus athléimneacht oibríochtúil na mbanc i gcroílár a dtosaíochtaí maoirseachta. Moltar go háirithe do na bainc aird chuí a thabhairt ar rioscaí geopholaitiúla agus iad a chomhtháthú ina bpróisis bainistithe riosca. Ba cheart do bhainc neamhchosaintí ar chontrapháirtithe i dtíortha nach Ballstáit den Aontas iad, na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag smachtbhannaí eachtracha ar neamhchosaintí agus ar spleáchais ar sholáthraithe seirbhíse seachtracha agus ar bhonneagair sheachtracha a mheas sa chomhthéacs sin. Ina theannta sin, ba cheart do na bainc creat láidir rialachais a fhorbairt, chomh maith le cosaint ar chibearbhagairtí agus ar bhagairtí eile a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá n-athléimneacht oibríochtúil. Áirítear leis sin bearta chun sábháilteacht a mhéadú agus chun cosaint a thabhairt ar dhamáiste fisiceach. Lasmuigh de bhearta institiúidsonracha, tugann creat stuamachta baincéireachta an Aontais aghaidh freisin ar bhealaí riosca níos leithne ar fud an chórais agus ar bhealaí riosca níos leithne trasteorann.

Leis an gcreat bainistithe géarchéime, cruthaítear sraith straitéisí atá ar fáil lena húsáid nuair atá inmharthanacht an tsoláthraí feidhme criticiúla faoi bhagairt. Is céim thábhachtach é an creat athbhreithnithe Bainistíochta Géarchéime Banc agus Árachais Taiscí, ar thángthas ar chomhaontú polaitiúil ina leith i mí an Mheithimh 2025, chun córas bainistithe géarchéime an Aontais a dhéanamh níos éifeachtaí fós, go háirithe do bhainc bheaga agus mheánmhéide.

Gné thábhachtach amháin den ullmhacht san earnáil airgeadais is ea ionstraimí íocaíochta a bheith ar fáil don phobal, idir íocaíochtaí in airgead tirim agus íocaíochtaí leictreonacha. Chun a áirithiú go mbeidh **airgead tirim** ar fáil i ngach cás, ar leibhéal an Eurochórais, príomhbheart is ea comhstoic straitéiseacha nótaí bainc euro a choinneáil ar bun. Is é BCE an comhlacht lárnach comhordúcháin agus cinnteoireachta agus reáchtálann sé cleachtaí tréimhsiúla bainistithe géarchéime, lena n-áirítear cumarsáid i dtaca le géarchéim a d'fhéadfadh a bheith ann. Ar an leibhéal náisiúnta, coinníonn bainc cheannais náisiúnta (BCNanna) pleananna leanúnachais gnó ar bun chun a áirithiú go mbeidh aistarraingtí airgid thirim agus taiscí ar fáil i gcónaí.

San am céanna, leis an togra maidir le dlíthairiscint nótaí bainc agus monaí euro, a chuir an Coimisiún ar aghaidh an 28 Meitheamh 2023, féachtar lena áirithiú go nglacfar go forleathan le hairgead tirim in euro le haghaidh íocaíochtaí agus go mbeidh rochtain éasca ag daoine, gnólachtaí agus eintitis phoiblí ar fud an limistéir euro air. Tacaíonn ceanglais maidir le bonneagar airgid thirim rathúil a choinneáil ar bun i ngnáthchúinsí le hinfhaighteacht airgid thirim i gcásanna teagmhais. Níor áiríodh foráil maidir le hathléimneacht sa togra ón gCoimisiún, ach chuir an Chomhairle an méid sin isteach ina sainordú caibidlíochta, lena gceanglaítear ar na Ballstáit plean athléimneachta airgid nó meascán de bhearta coibhéiseacha a bheith i bhfeidhm acu.

Ina theannta sin, is é is aidhm don Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta 3 (PSD3), ar thángthas ar chomhaontú polaitiúil ina leith i mí na Samhna 2025, borradh a chur faoin rochtain ar airgead tirim i siopaí (i.e. airgead tirim i siopaí) trí chead a thabhairt do mhiondíoltóirí aistarraingtí airgid thirim (i.e. airgead tirim a fháil ó shiopa) a thairiscint gan aon rud a cheannach, suas le

teorainn áirithe. Fágann sé sin go bhfuil sé níos áisiúla airgead tirim a úsáid, go háirithe i gceantair thuaithe, trí rialacha do mhiondíoltóirí agus d'oibreoirí UMB a shoiléiriú.

Chomh maith le hairgead tirim a bheith ar fáil, tá sé ríthábhachtach leanúnachas **seirbhísí íocaíochta** a choinneáil ar bun, lena n-áirítear íocaíochtaí cárta, íocaíochtaí aistriúbhunaithe ó chuntas go cuntas (lena n-áirítear trí fhóin phóca), rochtain ar chuntais íocaíochta agus an cumas taiscí a dhéanamh, chun muinín an phobail as an gcóras airgeadais a choinneáil ar bun, an t-ord poiblí a choinneáil ar bun agus feidhmiú bunúsach an gheilleagair a áirithiú i gcás suaitheadh forleathan trí rochtain leanúnach ar bhunseirbhísí a sholáthar don phobal.

Leis an Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta 2 (PSD2) atá ann faoi láthair, rialaítear gnéithe eile lena n-áirítear rioscaí oibriúcháin agus slándála a bhainistiú agus mórtheagmhais a thuairisciú. Is é an aidhm atá ann slándáil agus athléimneacht córas íocaíochta ar fud an Aontais a neartú.

Cuireann an Eurochóras sábháilteacht agus éifeachtúlacht na gcóras íocaíochta chun cinn. Tá ceanglais formhaoirseachta curtha i bhfeidhm aige chun aghaidh a thabhairt ar na príomhchásanna riosca a sainaithníodh don éiceachóras íocaíochta Eorpach. Leagtar amach sna creataí sraith chuimsitheach ceanglas chun rioscaí oibriúcháin a bhainistiú. Áirítear orthu sin bearta maidir le bainistiú leanúnachais gnó agus téarnamh tráthúil, mar aon le forálacha sonracha maidir le slándáil faisnéise, cibear-athléimneacht, slándáil fhisiciúil, seachfhoinsiú, bainistiú riosca TF agus réimsí gaolmhara eile. Cumhdaítear leis an gcreat ionstraimí ríomhíocaíochta (amhail cártaí, íocaíochtaí dochair dhírigh, aistrithe creidmheasa, ríomh-airgead agus tiachóga digiteacha), chomh maith leis na scéimeanna (e.g. líonraí cártaí) agus feidhmchláir (e.g. ríomhthiachóga) lena gcumasaítear a n-úsáid.

Chun cosaint níos fearr a thabhairt, leagtar amach ceanglais eile le hAirteagal 15 de Rialachán BCE maidir le Córais Íocaíochta a bhfuil Tábhacht Shistéamach leo (SIPS). Mar shampla, ceanglaíonn sé ar chórais téarnamh a áirithiú laistigh de dhá uair an chloig (lena n-áirítear trí suíomhanna tánaisteacha a úsáid) agus go mbeidh oibreoirí SIPS in ann socraíocht na n-íocaíochtaí uile atá dlite ar lá a chur i gcrích faoi dheireadh an lae gnó inar tharla an teagmhas.

Leis an tionscadal chun euro digiteach a chruthú – foirm dhigiteach airgid thirim, lena gcomhlánófaí réitigh fhisiceacha airgid thirim agus íocaíochta príobháidí – thabharfaí modh breise íocaíochta don phobal, agus cuimsiú digiteach agus airgeadais á chothú san am céanna. Mar an chéad chóras íocaíochta aontaithe uile-Eorpach, chuideodh an euro digiteach freisin le ról idirnáisiúnta an euro a chosaint. Trí uathriail straitéiseach oscailte an Aontais a neartú agus trí raon na n-ionstraimí íocaíochta atá ar fáil a leathnú, tá sé d'aidhm ag tionscadal an euro dhigitigh athléimneacht fhoriomlán na seirbhísí íocaíochta a neartú a thuilleadh. I dtaca leis an togra maidir leis an dlíthairiscint, chuir an Chomhairle forálacha breise isteach chun athléimneacht an euro dhigitigh a threisiú a thuilleadh. Sa chomhthéacs sin, beidh tiachóga

Eorpacha Céannachta Digití idir-inoibritheach le comhéadain úsáideora sa euro digiteach, rud a áiritheoidh fíordheimhniú úsáideora slán rianúil[10].

*Reachtaíocht trasearnála san earnáil airgeadais*

Is píosa reachtaíochta earnáilsonrach airgeadais é an Gníomh um Athléimneacht Dhigiteach Oibríochtúil (DORA) don earnáil airgeadais a bhfuil feidhm aige ar fud earnáil airgeadais iomlán an Aontais, agus is comhlánú é ar an reachtaíocht airgeadais a chuirtear i dtábhacht thuas. Cumhdaítear leis 20 cineál éagsúil eintiteas airgeadais, lena n-áirítear institiúidí creidmheasa, soláthraithe seirbhísí íocaíochta, bonneagair an mhargaidh airgeadais, cuideachtaí árachais, gníomhaireachtaí rátála creidmheasa agus bainisteoirí sócmhainní.

Le DORA, cuirtear béim láidir ar athléimneacht na n-eintiteas airgeadais, ar a leibhéal ullmhachta chun suaitheadh a d'fhéadfadh a bheith ann sa réimse TFC a sheasamh, agus ar bhainistiú rioscaí a eascraíonn as spleáchas eintiteas airgeadais ar sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí, lena n-áirítear rioscaí sistéamacha agus rioscaí maidir le comhchruinniú a bhaineann le soláthraithe TFC atá criticiúil d'earnáil airgeadais an Aontais. Le DORA, bunaítear creat comhchuibhithe láidir chun neartú a dhéanamh ar chumas earnáil airgeadais an Aontais bristeacha a bhaineann le TFC a chosc agus a sheasamh, agus freagairt dóibh agus téarnamh uathu. Ní mór d'eintitis airgeadais creat cuimsitheach a chur i bhfeidhm chun riosca TFC a bhainistiú — lena gcumhdaítear rialachas, fardal sócmhainní, sainaithint riosca, cosaint, brath, freagairt, téarnamh agus feabhas leanúnach. Áirithítear leis sin go ndéantar leochaileachtaí agus athléimneacht i gcórais agus i bpróisis a bhainistiú go réamhghníomhach. Ceanglaítear ar eintitis airgeadais freisin mórtheagmhais a bhaineann le TFC a bhrath, a aicmiú agus a thuairisciú d'údaráis inniúla trí úsáid a bhaint as sainmhínithe, tairseacha agus amlínte comhaontaithe chun freagairtí comhordaithe a chumasú ó dhlínse go chéile. Sainordaítear leis tástáil agus measúnuithe tráthrialta ar a bpróisis, a n-uirlisí agus a socruithe athléimneachta agus ullmhachta.

Ní mór d'eintitis airgeadais rioscaí a bhaineann le húsáid soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí a bhainistiú freisin, go háirithe soláthraithe tríú páirtí criticiúla (STPCanna). Le DORA, tugtar sainordú d'eintitis airgeadais dícheall cuí a dhéanamh i dtaca le rioscaí maidir le comhchruinniú sula ndéanfaidh siad conarthaí nua le soláthraithe TFC tríú páirtí (TPPanna). Tá sásra formhaoirseachta ag DORA, ina ndéanann na trí Údarás Maoirseachta Eorpacha (ÚMEnna)[11] formhaoirseacht ar sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla (STPCanna) ar scála uile-Eorpach, rud a fheabhsaíonn athléimneacht dhigiteach oibríochtúil fhoriomlán ar fud earnáil airgeadais an Aontais. I mí na Samhna 2025, d'fhoilsigh ÚMEnna liosta na soláthraithe

---

[10] Leis an gCreat Eorpach um Chéannacht Dhigiteach, bunaítear éiceachóras slán iontaofa le haghaidh sainaithint dhigiteach agus fíordheimhniú digiteach agus úsáid fianaise digití a bheidh ar fáil do shaoránaigh uile an Aontais faoi dheireadh 2026. Rachaidh Tiachóga Eorpacha Céannachta Digití chun tairbhe go díreach d'athléimneacht agus d'ullmhacht earnáil airgeadais an Aontais in aghaidh géarchéime, rud a thabharfaidh cosaint ar chalaois agus ar ghoid chéannachta in íocaíochtaí, in ionduchtú custaiméirí agus i seirbhísí airgeadais eile.

[11] Is iad na trí ÚME an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE), an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC); agus an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA).

criticiúla TFC tríú páirtí ainmnithe faoi DORA. Tá creat DORA an-oiriúnach chun rioscaí cibearshlándála, nascachta, ullmhachta agus oibriúcháin a bhfuil gné láidir idirnáisiúnta ag baint leo a bhainistiú.

Chomh maith le DORA, ar *lex specialis* é don earnáil airgeadais, cumhdaítear an earnáil airgeadais freisin le socruithe comhair cothrománacha maidir le hathléimneacht fhisiceach agus dhigiteach faoin [12]Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil agus faoin Dara Treoir NIS.

Leis an Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil, cruthaítear creat uileghabhálach lena dtugtar aghaidh ar athléimneacht eintiteas criticiúil i ndáil le gach guais. Sainordaítear léi measúnuithe riosca, straitéisí náisiúnta agus bearta athléimneachta sonracha le haghaidh eintitis chriticiúla ainmnithe chun a áirithiú go mbeidh siad in ann leanúint d'fheidhmeanna sochaíocha ríthábhachtacha a sholáthar. Cé go n-áirítear sa Treoir an earnáil baincéireachta agus bonneagair an mhargaidh airgeadais mar earnálacha criticiúla, tá an earnáil airgeadais lasmuigh de raon feidhme cheanglais shubstainteacha uile Athléimneacht na nEintiteas Criticiúil, toisc go gcumhdaítear í le ceanglais i bhfad níos sonraí faoi DORA. Mar sin féin, tá an earnáil airgeadais fós faoi raon feidhme na Treorach maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil le haghaidh socruithe comhair cothrománacha.

Leis an Dara Treoir NIS, cuirtear creat níos leithne ar fáil don chibearshlándáil ar fud earnálacha criticiúla éagsúla. Meastar gur *lex specialis* é DORA i leith an Dara Treoir NIS, rud a chiallaíonn go bhfuil feidhm ag na ceanglais a bhaineann le bainistiú riosca agus tuairisciú ar theagmhais a leagtar amach in DORA mar ghníomh dlí earnáilsonrach de chuid an Aontais in ionad an Dara Treoir NIS. Mar a chuir an Coimisiún in iúl ina threoirlínte maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 4(1) agus (2) den Dara Treoir NIS[13], tá feidhm fós ag forálacha áirithe a leagtar síos sa Dara Treoir NIS atá fíor-riachtanach chun ullmhacht a áirithiú agus chun ardleibhéal athléimneachta eintiteas airgeadais a bhaint amach, lena n-áirítear na ceanglais maidir le straitéis chibearshlándála a ghlacadh agus creat náisiúnta bainistithe cibir-ghéarchéime a bhunú (agus é d'oibleagáid air údaráis bainistithe cibir-ghéarchéime a ainmniú agus pleananna náisiúnta maidir le teagmhais chibearshlándála mhórscála agus freagairt ar ghéarchéimeanna cibearshlándála a ghlacadh) lena gcumhdaítear na hearnálacha bonneagair bhaincéireachta agus bonneagair an mhargaidh airgeadais. Thairis sin, ba cheart d'fhoirne freagartha do theagmhais a bhaineann le slándáil ríomhairí ('CSIRTanna') agus don líonra Eorpach um eagrú an idirchaidrimh maidir le cibir-ghéarchéimeanna ('EU-CyCLONe') a gcúraimí a dhéanamh maidir leis na hearnálacha bonneagair bhaincéireachta agus bonneagair an mhargaidh airgeadais.

Tá na bearta ullmhachta a leagtar amach don earnáil airgeadais ceaptha chun cothromaíocht a bhaint amach idir an gá atá le hathléimneacht agus prionsabal na comhréireachta. Cuirtear ceanglais rialála agus mhaoirseachta in oiriúint do mhéid, do chastacht agus do thábhacht

---

[12] Treoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/114/CE ón gComhairle. Foráiltear le hAirteagal 5(5) den Treoir go bhforbróidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, teimpléad tuairiscithe coiteann deonach chun Airteagal 5(4) den Treoir a chomhlíonadh.

[13] C(2023) 6068.

shistéamach na n-institiúidí ionas nach gcuirfear ualach díréireach ar eintitis bheaga. Chun ualach riaracháin nach bhfuil gá leis a sheachaint, le creataí comhchuibhithe amhail DORA, déantar ceanglais a chuíchóiriú ar fud na hearnála, lena n-áirithítear comhsheasmhacht agus dúbailt iarrachta á laghdú san am céanna.

2.2 Údaráis de chuid an Aontais: uirlisí agus comhar

Tugtar uirlisí sonracha d'údaráis de chuid an Aontais a fhéadfar a ghníomhachtú i gcásanna éigeandála agus a choinníonn socruithe ullmhachta ar bun chun leanúnachas gnó a áirithiú. Mar shampla, tugadh cumhachtaí éigeandála do na trí ÚME faoina rialacháin bhunaidh. A luaithe a bheidh staid éigeandála aitheanta go foirmiúil ag an gComhairle (faoi Airteagal 18 de rialacháin ÚME), féadfaidh siad gníomhaíochtaí airgeadais a shrianadh go sealadach faoi Airteagal 9, trí chinntí aonair. Déanann siad feidhm chomhordaithe ghinearálta freisin idir na húdaráis náisiúnta agus laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais (CEMA) (Airteagal 31).

Mar a luadh thuas, is é BCE an t-údarás maoirseachta aonair do bhainc sna 21 Bhallstát atá rannpháirteach sa Sásra Aonair Maoirseachta, rud a áirithíonn maoirseacht stuamachta chomhsheasmhach ar fud an réimse. Is é an Bord Réitigh Aonair an t-údarás réitigh aonair do na Ballstáit sin, agus tá sé freagrach as bainc anásta a réiteach go hordúil, agus ar an gcaoi sin cobhsaíocht airgeadais a chosaint agus costais do cháiníocóirí a íoslaghdú.

Chun borradh a chur faoin athléimneacht oibríochtúil, d'fhorbair údaráis uile an Aontais leanúnachas gnó inmheánach, socruithe ullmhachta agus imeachtaí bainistithe teagmhas criticiúil chun guaiseacha éagsúla a bhainistiú. Déanann siad tástáil thráthrialta ar na bearta sin chun leanúnachas gnó a áirithiú agus chun na próisis ghnó is criticiúla ó thaobh ama de atá le déanamh i gcás éigeandála agus an leibhéal ar a bhfuil siad le déanamh a shainaithint.

I bhfianaise an ghá atá le sláine agus dea-fheidhmiú an mhargaidh aonair a chaomhnú agus i bhfianaise an ardleibhéil idirnascthachta agus an riosca go mbeidh éifeachtaí seach-iarmharta ann in earnáil airgeadais an Aontais, tá comhordú i measc údaráis éagsúla an Aontais agus rannpháirtíocht na mBallstát fíor-riachtanach chun géarchéimeanna a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'iliomad codanna den Aontas san am céanna a thuar agus a bhainistiú. Tá rannpháirtíocht luath agus comhar tapa fíor-riachtanach ag céim na pleanála agus ag gach céim den ghéarchéim araon. Chun comhar a éascú agus faisnéis a mhalartú a d'fhéadfadh a bheith ábhartha freisin i ngéarchéim, tá ionstraimí comhair tugtha i gcrích ag roinnt údarás de chuid an Aontais i measc a chéile nó le húdaráis inniúla náisiúnta nó le húdaráis réitigh náisiúnta, nó tá meabhráin tuisceana tugtha i gcrích acu, (e.g. Meabhrán Tuisceana idir BCE agus an Bord Réitigh Aonair), agus tá rití trialacha á ndéanamh acu freisin chun ullmhacht leormhaith i gcomhair géarchéimeanna a áirithiú.

Garsprioc thábhachtach amháin san obair sin is ea Creat Comhordúcháin an Aontais Eorpaigh um Chibirtheagmhais Shistéamacha (EU-SCICF), a bhunaigh ÚMEnna i mí Eanáir 2025. Leis an gcreat sin, cuirtear bonn straitéiseach ar fáil don chomhar le linn cibirtheagmhais

shuntasacha[14]. Is é is aidhm dó mear-chomhroinnt faisnéise agus freagairtí comhpháirteacha a éascú trí phrótacail a chur i bhfeidhm chun meastóireacht a dhéanamh ar bhagairtí ar fud Bhallstáit an Aontais agus chun na bagairtí sin a mhaolú.

Thairis sin, ghlac an Chomhairle Treoirphlean maidir le bainistiú cibir-ghéarchéime[15] i mí an Mheithimh 2025 mar threoir thábhachtach do na Ballstáit chun feabhas a chur ar a n-ullmhacht, ar a gcumas braite agus ar a bhfreagairt ar theagmhais chibearshlándála, bunaithe ar na sásraí ábhartha uile lena n-áirítear na sásraí sin a cruthaíodh leis an Dara Treoir NIS, DORA (EU-SCICF) agus leis an nGníomh um Chibear-Dhlúthpháirtíocht.

Is féidir gníomhaíochtaí tráthrialta a dhéanamh faoin gcreat sin chun a áirithiú go leanfaidh ullmhacht agus cumas freagartha de bheith láidir agus éifeachtach. Ina theannta sin, ar an leibhéal idirnáisiúnta, is é is aidhm do Phrótacal G7 maidir le Freagairt ar Chibirtheagmhas iarrachtaí freagartha domhanda ar bhagairtí cibearshlándála a mbíonn tionchar acu ar an earnáil airgeadais a aontú agus freagairtí tráthúla comhordaithe a áirithiú ó dhlínse go chéile.

Déanann gach údarás de chuid an Aontais measúnuithe riosca agus bearta eile go tráthrialta chun na rioscaí is ábhartha a shainaithint i leith shainordú agus fheidhmeanna gach údaráis. Déantar na measúnuithe riosca i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta, rud a rannchuidíonn le tuiscint chomhroinnte agus níos doimhne a fhorbairt ar an timpeallacht rioscaí agus ar na rioscaí a bhfuil tosaíocht le tabhairt dóibh. Is minic a chuireann measúnuithe riosca le córais luathrabhaidh atá mar chuid de chreataí ullmhachta údaráis an Aontais. Ina theannta sin, leis na socruithe rialála agus maoirseachta atá ann cheana idir údaráis de chuid an Aontais agus páirtithe leasmhara san earnáil phríobháideach, is féidir leanúint den idirphlé maidir le hionchais chómhalartacha i ndáil leis an ullmhacht[16].

2.3 <u>Creataí ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach</u>

Sa bhreis ar reachtaíocht ar leibhéal an Aontais, tá a scéimeanna ullmhachta náisiúnta féin forbartha ag na Ballstáit[17]. Is iondúil go bhfuil raon níos leithne ag na scéimeanna sin ná an earnáil airgeadais agus go gcumhdaítear leo ullmhacht na sochaí ina hiomláine ar an leibhéal náisiúnta. Ar an gcúis sin, tá scéimeanna náisiúnta éagsúla ann i measc na mBallstát, rud a léiríonn struchtúir éagsúla rialtais agus riaracháin náisiúnta, agus raon feidhme na n-inniúlachtaí. An tráth céanna, feidhmíonn na scéimeanna náisiúnta sin laistigh de chreat comhsheasmhach de chuid an Aontais agus bíonn siad ag idirghníomhú níos mó agus níos mó le socruithe ar leibhéal an Aontais agus le sásraí comhordúcháin trasteorann.

---

14 Cuireann EU-SCICF Airteagal 49 de DORA chun feidhme freisin d'fhonn feabhas a chur ar an gcomhordú le creataí géarchéime eile de chuid an Aontais.

15 Moladh ón gComhairle an 6 Meitheamh 2025 maidir le treoirphlean ón Aontas le haghaidh bainistiú cibir-ghéarchéime, *IO C, C/2025/3445, 20.6.2025,* *http://data.europa.eu/eli/C/2025/3445/oj*

16 Aithnítear i straitéis an Aontais Eorpaigh um Aontas na hUllmhachta a thábhachtaí atá comhpháirtíochtaí den sórt sin. Is é is aidhm do phríomhghníomhaíochtaí 36 agus 37 tascfhórsa ullmhachta poiblí-príobháideach a bhunú agus prótacail éigeandála phoiblí-phríobháideacha a fhorbairt i ngach earnáil.

17 Mar chuid d'obair an Choimisiúin chun sainordú ghníomhaíocht 25 a bhaint amach den iarscríbhinn a ghabhann leis an teachtaireacht chomhpháirteach maidir leis an Straitéis um Aontas na hUllmhachta, chuir an Coimisiún leis an bplé leanúnach leis na Ballstáit maidir le scéimeanna ullmhachta.

Is príomhghné de straitéisí náisiúnta ullmhachta i gcónaí í ullmhacht na hearnála airgeadais. Tá an earnáil ar thús cadhnaíochta maidir le hullmhacht, rud atá ina eiseamláir d'earnálacha eile. Téann straitéisí náisiúnta ullmhachta don earnáil airgeadais níos faide ná *acquis* an Aontais, agus dírítear leo ar shaincheisteanna oibríochtúla náisiúnta. Ar ndóigh, léirítear difríochtaí ó chóras airgeadais náisiúnta go chéile (e.g. príomhghnéithe na hearnála baincéireachta náisiúnta, an méid úsáide a bhaintear as airgead tirim, glacadh an euro, rannpháirtíocht san Aontas Baincéireachta) sa chaoi a ndéantar leibhéal ullmhachta náisiúnta na hearnála airgeadais a mheasúnú agus a áirithiú.

I bhfianaise an róil ríthábhachtaigh atá ag údaráis phoiblí, go háirithe i gcás géarchéime nó mórtheagmhais, ní mór feidhmeanna cistiúcháin ghearrthéarmaigh iontaofa a bheith ar fáil i gcónaí chun ganntanais leachtachta nó chistiúcháin a sheachaint ar an leibhéal ceannasach agus ar leibhéal na hearnála poiblí ar bhonn níos leithne agus chun iarmhairtí níos leithne don tsochaí a sheachaint ó thaobh mhuinín an phobail agus cobhsaíocht airgeadais de. Mar sin féin, níl feidhm aige sin maidir le gach creat géarchéime ar an mbealach céanna: go háirithe, tá réiteach bainc ceaptha chun spleáchas ar chistí poiblí a theorannú, trí tharrtháil inmheánach agus trí shásraí réitigh arna maoiniú ag an tionscal.

Chun athléimneacht fheidhmeanna cistiúcháin ghearrthéarmaigh na rialtas a áirithiú, tá pleanáil theagmhasach agus pleanáil leanúnachais gnó forbartha ag oifigí náisiúnta um bainistiú fiachais chun leanúint de bheith ag feidhmiú i gcás géarchéime freisin. Comhlánaítear na socruithe sin níos mó agus níos mó le malartú dea-chleachtas agus le comhordú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal réigiúnach araon.

Ina theannta sin, cuireann an Sásra Cobhsaíochta Eorpach (SCE) roinnt ionstraimí cúnaimh airgeadais ar fáil atá ceaptha chun cobhsaíocht airgeadais a chosaint trí chúnamh a thabhairt do Bhaill SCE, chun feabhas a chur ar chumas an limistéir euro anás ceannasach agus baincéireachta a bhainistiú. Tá sé beartaithe leis na hionstraimí sin aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna sistéamacha agus ullmhacht oibríochtúil náisiúnta agus ullmhacht oibríochtúil an Aontais a chomhlánú le haghaidh cásanna suaite níos inbhraite. Tá socruithe déthaobhacha forbartha ag roinnt Ballstát chun a áirithiú go mbeidh maoiniú gearrthéarmach ar fáil i gcás nach mbeidh aon cheann de bhunfheidhmeanna na n-oifigí náisiúnta um bainistiú fiachais ar fáil. Dá dtabharfaí an t-athrú ar Chonradh SCE atá ar feitheamh chun críche, neartófaí líontán sábhála an limistéir euro a thuilleadh.

San am céanna, tá fóraim chomhordúcháin réigiúnacha ann, amhail an Sásra um Chomhar Baltach Nordach, arb é atá ann tionscnamh réigiúnach tábhachtach atá dírithe ar thíortha Mhuir Bhailt. Cothaíonn na fóraim sin comhar maidir le maoirseacht airgeadais agus bainistiú géarchéime, malartuithe faisnéise maidir le measúnuithe riosca agus pleanáil straitéiseach. Léiríonn siad conas is féidir leis an gcomhar réigiúnach ullmhacht a fheabhsú.

Tá comhpháirtíochtaí nó fóraim phríobháideacha-phoiblí thiomnaithe forbartha ag roinnt Ballstát i gcomhthéacs a scéimeanna ullmhachta náisiúnta (lena gcuimsítear ionadaithe ón earnáil phríobháideach ó roinnt earnálacha).

Ar an iomlán, tá na socruithe sin ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal náisiúnta mar chuid de chreat ullmhachta srathach, ina gcomhlánaítear comhordú agus comhar ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal réigiúnach le gníomhaíocht náisiúnta.

### 3. Tástáil struis

Is príomhghné den ullmhacht í an tástáil struis, mar a aithnítear sa Mholadh ón gComhairle maidir le hathléimneacht bonneagar criticiúil a neartú[18]. San earnáil airgeadais, tá tástáil struis ina dlúthchuid agus ina cuid fhíor-riachtanach cheana den mhaoirseacht ar institiúidí airgeadais agus ar sholáthraithe bhonneagar an mhargaidh airgeadais. Neartaíonn tástálacha struis ullmhacht na hearnála airgeadais trí ghéarchéimeanna tromchúiseacha (amhail cúluithe eacnamaíocha, suaití aeráide nó cibirionsaithe) a ionsamhlú chun leochaileachtaí i gcaipiteal agus leachtacht institiúidí airgeadais a nochtadh. Cuireann sé sin iallach ar institiúidí agus ar sholáthraithe feabhas a chur ar bhainistiú riosca, borradh a chur faoi chaipiteal maolánach, pleanáil straitéiseach a bheachtú agus athléimneacht a chothú in aghaidh suaití amach anseo, rud a chuirfidh feabhas ar chobhsaíocht airgeadais fhoriomlán agus a chothóidh muinín an mhargaidh.

Tacaíonn tástáil struis le hullmhacht freisin trí bhealaí riosca uile-chórais agus trasteorann a ghabháil, lena n-áirítear foinsí éagobhsaíochta airgeadais domhanda, teannas geopholaitiúil, cibirtheagmhais agus suaitheadh sa bhonneagar criticiúil.

Sa **chóras baincéireachta**, tá sainordú ag an Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) tástálacha struis uile-Aontais a thionscnamh agus a chomhordú don earnáil baincéireachta. Bunaithe ar an sainordú sin, déanann ÚBE tástáil struis uile-Aontais gach 2 bhliain lena gcumhdaítear thart ar 75 % den earnáil baincéireachta. Tugann CRD sainordú freisin d’údaráis inniúla tástálacha struis maoirseachta a dhéanamh ar na hinstitiúidí a ndéanann siad maoirseacht orthu, de réir mar is iomchuí ach uair sa bhliain ar a laghad. Ina theannta sin, d’eisigh ÚBE treoirlínte chun a áirithiú go n-úsáidfidh na húdaráis modheolaíocht choiteann agus tástáil struis mhaoirseachta bhliantúil á déanamh acu.

Laistigh den Aontas Baincéireachta, déanann BCE tástálacha struis, anailísí ar chásanna agus ionsamhlúcháin go tráthrialta chun bonn eolais a chur faoin bPróiseas Athbhreithnithe agus Meastóireachta Maoirseachta. Déanann BCE athbhreithnithe spriocdhírithe freisin ar shocruithe cibear-athléimneachta agus seachfhoinsithe.

In **earnáil na gcistí árachais agus pinsin ceirde**, reáchtálann ÚEÁPC tástálacha struis uile-Aontais go tráthrialta le haghaidh gnóthais árachais agus atháraachais agus le haghaidh institiúidí um sholáthar pinsean ceirde (IORPanna)[19], gach 3 bliana, lena n-áirítear comhpháirt riosca cibearshlándála agus riosca aeráide.

---

[18] Moladh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le cur chuige comhordaithe ón Aontas chun athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a neartú (2023/C 20/01).

[19] I roinnt Ballstát, ní thagann institiúidí um sholáthar pinsean ceirde faoi raon feidhme Threoir IORP II agus, dá bhrí sin, ní rialaítear iad faoi rialacha an Aontais. Níl cistí pinsin den sórt sin faoi réir chleachtaí tástála struis ÚEÁPC.

Déanann an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) tástálacha struis uile-Aontais tráthrialta ar athléimneacht CPLanna, faoi chuimsiú na measúnuithe i gcomhréir le hAirteagal 32 de Rialachán ESMA agus le hAirteagal 24a de EMIR. Cé go ndírítear leis na tástálacha sin ar athléimneacht CPLanna chun forbairtí díobhálacha sa mhargadh a sheasamh, cuireann ESMA cineálacha eile rioscaí eisginiúla san áireamh freisin.

Déanann an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS) cásanna díobhálacha a tharraingt suas le haghaidh na dtástálacha struis a dhéanann ÚBE (bainc), ÚEÁPC (árachas, cistí pinsin) agus ESMA (CPLanna).

Le Treoir 2014/49/AE i dtaca leis an Treoir maidir le Scéimeanna Ráthaithe Taiscí, ceanglaítear ar na Ballstáit a gcúraimí faoin Treoir a dhéanamh. Úsáideann ÚBE torthaí na dtástálacha sin ansin chun athbhreithnithe piaraí a dhéanamh chun scrúdú a dhéanamh ar athléimneacht scéimeanna ráthaithe taiscí.

## 4. Ionchas

Tá creat ullmhachta láidir ilghnéitheach mar bhonn taca le hearnáil airgeadais an Aontais. Is éard atá sa chreat reachtaíocht earnálach shonrach, reachtaíocht thrasearnálach agus sásraí comhair ó earnáil go chéile agus ó Bhallstát go chéile. Tá gné sheachtrach ag baint le hullmhacht earnáil airgeadais an Aontais freisin, trína neartaíonn an tAontas ní hamháin a chobhsaíocht airgeadais, ach a ról mar earnáil airgeadais iontaofa agus inchreidte ar an leibhéal domhanda freisin.

Tá athléimneacht earnáil airgeadais an Aontais cruthaithe aici le linn géarchéimeanna roimhe seo. Tá sé cruthaithe aici go bhfuil sí in ann teacht slán as dúshláin mhóra phaindéim COVID-19, fogha na Rúise faoin Úcráin, géarchéimeanna airgeadais i ndlínsí eile, cibirionsaithe agus go leor eachtraí eile.

Mar sin féin, i bhfianaise na mbagairtí nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo agus na timpeallachta geopholaitiúla níos éiginnte atá os comhair an Aontais, tá sé tábhachtach measúnú leanúnach a dhéanamh ar leibhéal ullmhachta earnáil airgeadais an Aontais. Tá an obair sin á tabhairt chun cinn ag an Aontas agus féadfaidh sé tús a chur le haon choigeartú is gá chun gníomhaíochtaí coisctheacha agus frithghníomhacha tapa, comhbheartaithe agus comhréireacha a áirithiú, ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon, d'fhonn cúrsa diongbháilte a choinneáil ar bun agus feidhmeanna ríthábhachtacha earnáil airgeadais an Aontais a chaomhnú. Amach anseo, le forbairt an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta agus le tabhairt isteach an euro dhigitigh, meastar go gcuirfear feabhas ar athléimneacht fhoriomlán earnáil airgeadais an Aontais agus go gcuirfear tuilleadh feabhais ar a leibhéal ullmhachta.